# Ullmhú don Rud gan Choinne

## Athléimneacht Phearsanta agus sa Phobal



## Bileog Éigeandála Réigiún an Oirthuaiscirt

Comhairle Contae Lú
Louth County Council

comhairle chontae na mí
meath county council

## Ullmhú don Rud gan Choinne

Is féidir leis an treoir seo cabhrú leat ullmhú le haghaidh éigeandálaí mar aimsir chrua, tinte aiteann, tuilte nó eipidéim fliú. Ní bhaineann sé seo le jab na seirbhísí éigeandála a dhéanamh; is éard atá i gceist leis ná tacú leat féin agus le do theaghlach trí ullmhúcháin chiallmhara a dhéanamh anois le bheith ullamh má tharlaíonn éigeandáil nó más gá duit an teach a fhágáil.

Smaoinigh ar conas a choinneofá an teas ionat dá dteipfeadh ar do théamh nó dá ngearrfaí an leictreachas nó an t-uisce. Smaoinigh ar conas a dhéanfá do theach a dhaingniú.

Mura bhfuil sé sábháilte dul amach le linn éigeandála, is é an chomhairle a thugtar de ghnáth:

**TÉIGH ISTEACH** (téigh isteach agus dún gach fuinneog agus doras)
**FAN ISTIGH** (fan taobh istigh)
**TIÚNÁIL ISTEACH** (chuig an raidió áitiúil, an teilifís nó an idirlíon, chun eolas agus comhairle a fháil)

Más gá duit do theach a fhágáil, imigh agus fan lasmuigh agus féach go bhfuil gach duine eile leat. Smaoinigh ar dhá áit chruinnithe. Ceann in aice an tí, ceann eile níos faide ó bhaile, ar eagla nach féidir leat filleadh ar an teach, nó má scartar tú ó dhaoine eile.
Pioc cara nó gaol leat a chónaíonn lasmuigh den cheantar agus socraigh go nglaofaidh tú ar an duine sin le rá leo go bhfuil tú go maith má bhíonn ort do theach a fhágáil. (Socraigh é leis an té atá i gceist).

### Cuimhnigh

- ✓ Faigh an vacsaín fliú
- ✓ Bíodh luchtú san fhón agat
- ✓ Fan te, ith bia maith agus ná taistil mura gá
- ✓ Féach go bhfuil go leor cógais leighis agat don tréimhse
- ✓ Faigh amach conas an leictreachas, an gás agus an t-uisce sa teach a chasadh as

**Déan liosta d'uimhreacha agus d'ainmneacha a theastódh in éigeandáil.**

| | |
|---|---|
| M'Uimhir Theagmhála in Éigeandáil | Mo Eirchód/Mo sheoladh |
| Dochtúir Teaghlaigh | Ospidéal |
| Comharsa | Poitigéir |
| Údarás áitiúil | Cumann Cónaitheoirí |
| Leictreoir | Pluiméir |

**Uimhreacha Teagmhála lasmuigh d'uaireanta gnó an údaráis áitiúil**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Muineachán | 1800 121 121 | @monaghancoco | Monaghan County Council |
| An Mhí | 1800 445 335 | @meathcoco | Meath County Council |
| An Cabhán | 087 611 8116 | @cavancoco | Cavan County Council |
| Lú | 042 933 5457 | @louthcoco | |

## An Plean Éigeandála Teaghlaigh

Ullmhaigh mála de rudaí éigeandála tí agus coinnigh go leor bia, uisce agus bunghnéithe eile le maireachtáil ar feadh trí lá ar a laghad. Cibé an gcaithfidh tú fanacht isteach nó dul amach, cabhróidh mála beag éigeandála leat teacht tríd. Coinnigh gach rud sábháilte i mála uiscedhíonach áit ar féidir do lámh a chur air go héasca.

### Mála Fan sa Bhaile

- Raidió a oibríonn ar cheallra, agus ceallraí breise
- Tóirsí, coinnle agus lasáin atá díonach ar uisce
- Fearas garchabhrach, earraí leithris agus oidis dochtúra
- Sonraí teagmhála / peann luaidhe agus páipéar
- Sluasaid, scian ilchuspóra agus feadóg
- Uisce úr agus soláthar bia/bia do pheataí

---

- Fón póca, luchtaire agus ceallra breise/banc cumhachta
- Málaí móra plaisteacha agus téip dhuchta
- Eochracha, cártaí bainc agus airgead tirim, eochracha breise tí/cairr
- Éadaí, bróga láidre, hataí agus éadaí
- Doiciméid aitheantais thábhachtacha
- Leabhair, cártaí imeartha, cluichí cláir

**Sonraí Teagmhála Ginearálta**

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Garda Siochana | 1800 666 111 | @gardatraffic | an garda siochana |
| FSS | 1800 700 700<br>01 240 87 87 | @HSELive | HSE Ireland |

## Cad is féidir liomsa a dhéanamh i mo phobal féin?

Iarr ar chomharsana agus ar ghrúpaí pobail áitiúla an bhfuil rud ar bith is féidir leat a dhéanamh don phobal in am éigeandála. Féach an bhfuil acmhainní ag an bpobal a d'fhéadfadh a bheith ar fáil duit. Is féidir le feithicil 4x4 sa phobal cabhrú le soláthairtí riachtanacha bia agus iompar a scaipeadh nó d'fhéadfadh comharsa cabhrú leat le sneachta agus oighear a ghlanadh.

**Cuimhnigh**

- ✓ Bíonn daoine níos ullmhaithe nuair a bhíonn ceangal láidir acu lena bpobal féin
- ✓ Nuair a bhíonn daoine ullamh is féidir an pobal go léir a bhailiú le chéile
- ✓ Bíonn toradh níos fearr ar éigeandáil nuair a thagann daoine le chéile
- ✓ Chuige seo, is gá aithne a chur ar do chomharsana
- ✓ Ach aithne a chur ar do chomharsana agus oibriú as lámh a chéile, beidh daoine leochaileacha sa phobal níos sláine agus níos sábháilte má tharlaíonn rud gan choinne.

**Tá a fhios againn ó rudaí a tharla roimhe seo go dtugann daoine cabhair agus tacaíocht dá chéile nuair is gá.**

**Is féidir le rudaí simplí cosúil le teacht le chéile chun sneachta agus oighear a ghlanadh ó chosáin nó lámh chúnta a thairiscint do chomharsana leochaileacha difríocht an-mhór a dhéanamh.**

**Gach lá bíonn ar na mílte daoine dul ag an ospidéal le haghaidh cóireálacha riachtanacha, amhail scagdhealú do na duáin.**

**Dá mbeadh oighear agus sneachta ann ionas nach bhféadfadh cóir iompair ospidéil duine a bhailiú, an bhféadfadh do phobal teacht le chéile chun cabhrú?**

Má tá sé sábháilte, féach conas tá do chomharsana agus aon duine leochaileach atá ina cónaí nó ina chónaí gar duit. Déan liosta díobh agus coimeád a gcuid sonraí thíos.

| | |
|---|---|
| **Ainm:** | **Ainm:** |
| **Seoladh:**<br><br>**Eirchód:** | **Seoladh:**<br><br>**Eirchód:** |
| **Teil:** | **Teil:** |

Ná déan rud ar bith a chuirfeadh tú féin nó aon duine eile I mbaol. Má tá tú i mbaol faoi láthair, glaoigh ar 999 nó 112.

**Gheofar tuilleadh eolais ag: www.gov.ie/winterready**
**www.gov.ie/summerready**
**Cláraigh chun foláirimh a bhaineann le do cheantar a fháil saor in aisce ar www.mapalerter.ie má tá siad ar fail.**

***Grúpa Pleanála Éigeandála Réigiún an Oirthuaiscirt a chuir an bhileog seo ar fáil.***